**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhféadfadh ceanglais nach mbaineann le comhréireacht de bhun bhrí Airteagail 2(14) de Threoir 2011/83/AE ([1]) nó aon cheanglais eile nach mbaineann le comhréireacht de réir bhrí Airteagal 2(12) de Threoir (AE) 2019/771 ([2]) a bheith ann i gcás ina bhfuil tionchar ar ghealltanas an ráthóra ag imthosca a bhaineann go sainiúil leis an tomhaltóir, go háirithe lena dhearcadh i leith an earra ceannaithe (sá chás seo, a shásta is atá an tomhaltóir leis an earra ceannaithe), gan gá go mbainfeadh na himthosca pearsanta sin le bail nó gnéithe an earra ceannaithe?

2. Má thabharfar freagra dearfach ar Cheist 1:

   An gcaithfear a bheith in ann a fhionnadh nach bhfuil aon cheanglas ann de bhun na n-imthosca a bhaineann go sainiúil leis an tomhaltóir (sa chás seo, a shásta is atá an tomhaltóir leis na hearraí ceannaithe) i bhfianaise imthosca oibiachtúla?

([1]) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2011 L 304, lch. 64).

([2]) Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO 2019 L 136, lch. 28), arna ceartú (IO 2019 L 305, lch. 62 agus IO 2020 L 86, lch 18).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesarbeitsgericht (an Ghearmáin) an 1 Márta 2022 – MO v SM i gcáil cleachtóir dócmhainneachta shócmhainní G GmbH**

**(Cás C-134/22)**

(2022/C 222/20)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesarbeitsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* MO

*Cosantóir:* SM i gcáil cleachtóir dócmhainneachta shócmhainní G GmbH

**An cheist a tharchuirtear:**

Cad é cuspóir an dara fomhír d'Airteagal 2(3) de Threoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna, ([1]) lena gceanglaítear ar bhfostóir cóip, ar a laghad, de na heilimintí den chumarsáid scríofa dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, pointe (b), (i) go (v) a tharchur chuig an údarás poiblí inniúil?

([1]) IO 1998, L 225, lch. 16.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landesverwaltungsgericht Niederösterreich (an Ostair) a taisceadh an 3 Márta 2022 – RE v Bezirkshauptmannschaft Lilienfeld**

**(Cás C-155/22)**

(2022/C 222/21)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesverwaltungsgericht Niederösterreich